Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0126

An Comhaontú i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Aontas do ghlacadh an Comhaontaithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit (COM(2024)0257 – C10-0058/2024 – 2024/0148(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0257),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0058/2024),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 4 Nollaig 2024[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas na coistí freagracha faoi Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Bealtaine 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a

[1] Tuairim an 4 Nollaig 2024 (IO C, C/2025/776, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/776/oj).

fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0009/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2024)0148

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 18 Meitheamh 2025 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh a bheith á fhormheas ag an Aontas

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/1904.)